

LEATHANACH300

Dé Luain 1 Deireadh Fómhair 2018

Lá na nDaltaí i Tayto Park

Bhí ceiliúradh ollmhór in *Tayto Park* Dé hAoine seo caite ar Lá na nDaltaí. Bhí níos mó ná 5,000 dalta ó ghaelscoileanna na tíre sa pháirc ar an lá.

Bhí Gaeilge á labhairt ag gach duine in *Tayto Park* agus bhí an áit cosúil le gaeltacht don lá. Bhí deis ag na páistí bualadh le daltaí ó ghaelscoileanna eile. Ba lá stairiúil é toisc nár tharla a leithéid riamh roimhe.

Bhí an ócáid ina cuid de cheiliúradh 25 bliain den Fhoras Pátrúnachta. Is eagraíocht é an Foras Pátrúnachta atá ina phátrún ar 70 gaeilscoil sa tír.

Bhí an peileadóir Ciarán Kilkenny i láthair ar an lá chomh maith. Imríonn Ciarán le Baile Átha Cliath. Agus ar ndóigh bhí Mr. Tayto ann le málaí criospaí.



Comórtas gailf: Ryder Cup

Gach dara bliain bíonn comórtas gailf idir imreoirí ón Eoraip agus imreoirí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is iad Thomas Bjørn, captaen na hEorpa, agus Jim Furyk, captaen na Stáit Aontaithe a roghnaigh na himreoirí.

I mbliana bhí an comórtas ar siúl i **Le Golf National** sa Fhrainc. Beidh an comórtas ar siúl arís in 2020 in Wisconsin sna Stáit Aontaithe. Déanann siad malartú gach dara bliain leis an gcomórtas san Eoraip uair amháin agus sna Stáit Aontaithe an chéad uair eile.

Thosaigh an comórtas Dé hAoine agus ar dtús bhí na Stáit Aontaithe chun tosaigh. Ach bhí na himreoirí Eorpacha níos fearr agus bhuaigh siad an comórtas. Bhí seacht bpointe idir na foirne ag an deireadh.



Lá breithe Google

An tseachtain seo caite bhí lá breithe ag an gcomhlacht agus ag inneall cuardaigh *Google*. Tá *Google* 20 bliain d'aois. Cé gur thosaigh an comhlacht ar an 4 Meán Fómhair, bíonn an lá breithe ann gach bliain ar an 27 Meán Fómhair!

Tá príomhoifigí *Google* in California. Bíonn gabhair acu chun an féar a ithe taobh amuigh de na hoifigí sin. Tá oifigí ag *Google* i mBaile Átha Cliath freisin.

Ó gach cuardach a dhéanann daoine ar an idirlíon chun eolas a fháil, baineann 90% acu úsáid as *Google*.



gabhair